2026/2546

16.11.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2546 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Samhain 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/797 maidir le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Bealtaine 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/797 ([1]).

(2) Mar chuid de ghníomhaíocht leanúnach oiriúnaithe chomhordaithe an Aontais i gcoinne gníomhaithe a bhíonn i mbun cibearbhagairtí ar bhonn leanúnach, ba cheart eintiteas amháin a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797. Tá an t-eintiteas sin freagrach as cibirionsaithe nach beag a dtionchar agus ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas nó ar a Bhallstáit, chomh maith le cibirionsaithe nach beag a dtionchar ar thríú Stáit.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2019/797 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit (IO L 129 I, 17.5.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/797/oj).

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797, cuirtear an iontráil seo a leanas leis faoin gceannteideal ‘B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí’:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘12.	NoName057(16)	Ar a dtugtar freisin: 05716nnm, Nnm05716, NoName057, NoName05716	Grúpa haiceálaithe atá ar son na Rúise é NoName057(16) a tháinig chun cinn den chéad uair i mí an Mhárta 2022 agus a mhaíonn gurb é atá freagrach as cibirionsaithe ar chomhlachtaí rialtais, ar bhonneagar criticiúil agus ar chuideachtaí príobháideacha de chuid na hÚcráine, na Stát Aontaithe agus na mBallstát. Baineann NoName057(16) úsáid as bosca uirlisí DDoSia, lena ndéanann sé ionsaithe diúltaithe seirbhíse (DDoS) trí iarrataí líonra a eisiúint arís agus arís eile chun spriocdhíriú ar shuíomhanna gréasáin. Tar éis na n-ionsaithe sin, maíonn an grúpa gurb é atá freagrach as na hionsaithe sin, déanann sé teagmháil leo siúd a ionsaíodh agus déanann sé bagairtí tríd an ngréasán dorcha nó trí chainéil Telegram. Tá NoName057(16) páirteach i gcibirionsaithe nach beag a dtionchar agus ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas nó ar a Bhallstáit. Rinne NoName057(16) spriocdhíriú ar sheirbhísí atá riachtanach chun gníomhaíochtaí bunriachtanacha sóisialta agus eacnamaíocha agus feidhmeanna stáit de chuid Bhallstáit a choimeád ar bun, lena n-áirítear tairsí rialtais, seirbhísí faisnéise míleata, páirtithe polaitiúla agus iarrthóirí le linn próisis toghcháin, an earnáil fuinnimh agus tionsclaíochta, bonneagar iompair, saoráidí soláthair uisce, bainc, institiúidí airgeadais agus seirbhísí íocaíochta ar líne, agus oifigí poist náisiúnta Dá bhrí sin, tá NoName057(16) freagrach as cibirionsaithe nach beag a dtionchar agus ar bagairt sheachtrach ar na Ballstáit iad. Tá NoName057(16) freagrach freisin as cibirionsaithe nach beag a dtionchar ar thríú Stáit.	16.11.2026’